2016. M.101T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2016**

## STAIR – ARDLEIBHÉAL

### RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS LUATH, 1492-1815

**An scrúdú scríofa: 400 marc**
**An Tuarascáil ar an Staidéar Taighde a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

**DÉ CÉADAOIN, 15 MEITHEAMH, TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50**

***Treoracha d'iarrthóirí:***
Tabhair faoi Ranna 1, 2 agus 3 istigh a fhreagairt.

- **Roinn 1 (100 marc)**
Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (200 marc)**
Éire: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair dhá cheist, ceann amháin as gach ceann den dá thopaic a roghnaíonn tú.

- **Roinn 3 (100 marc)**
An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as topaic amháin.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*
**An Eoraip ón Athbheochan go dtí an Reifirméisean, 1492-1567**

An cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
***An Ghinéiv in aimsir Calvin***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos:

1. (a) Cén dualgas a bhí ar sheanóirí, dar le doiciméad A?

   (b) Cén fáth ar cheart seanóirí a roghnú as gach ceantar den chathair, dar le doiciméad A?

   (c) Cén fáth ar tugadh teastas do mhinistir nuair a ceapadh é, dar le doiciméad B?

   (d) Cad é ba chóir tarlú mura mbeadh ministir oiriúnach, dar le doiciméad B?

   (20)

2. (a) Cad iad na difríochtaí a bhí idir dualgais na ministrí agus dualgais na seanóirí, dar le doiciméid A agus B? Déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra.

   (b) An bhfuil doiciméid A agus B ar aon fhocal maidir leis an gcaoi a mbeidh seanóirí agus ministrí ag comhoibriú ina gcuid oibre? Déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra.

   (20)

3. (a) Cén fhianaise atá sna doiciméid nach bhfuil Calvin ag iarraidh údarás dó féin amháin sa Ghinéiv? Déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra.

   (b) Cad is láidreacht amháin agus laige amháin a bhaineann leis na *hOrduithe Eaglasta* mar fhoinse staire, dar leat? Mínigh do fhreagra agus tagairt agat don dá dhoiciméad nó do cheachtar acu.

   (20)

4. Cé chomh mór agus a d'fhás an Cailvíneachas mar ghluaiseacht idirnáisiúnta? (40)

## - Doiciméad A -

**Is sliocht coimrithe é seo as *Na hOrduithe Eaglasta* le Jean Calvin, 1541, faoi ról na seanóirí san eaglais sa Ghinéiv.**

Is é an dualgas atá orthu ná iompar gach duine a mhaoirsiú. Ar bhealach cairdiúil, ba chóir dóibh rabhadh a thabhairt do chúlshleamhnaitheoirí agus dóibh siúd a bhfuil saol mírialta á chaitheamh acu. Ina dhiaidh sin, nuair is gá, ba chóir dóibh tuairisciú chuig Cuallacht na dTréadaithe agus déanfaidh siadsan socrú i gcomhair ceartú deartháiriúil (bráithriúil). Ba chóir seanóirí a roghnú as gach ceantar den chathair sa chaoi gur féidir leo maoirseacht a dhéanamh ar gach duine.

Is mar seo a leanas a dhéanfar iad a roghnú. Iarrfar ar an gComhairle Bheag na fir is oiriúnaí is féidir leo a aimsiú a ainmniú. Chun é sin a dhéanamh, ba chóir dóibh an t-ábhar a phlé leis na ministrí agus ansin a gcuid moltaí a chur faoi bhráid Chomhairle an Dá Chéad i gcomhair faofa. Má cheaptar iad a bheith fiúntach, ní mór dóibh mionn a ghlacadh san fhoirm chéanna agus a chuirtear os comhair na ministrí é.

Foinse: Jean Calvin, *Ecclesiastical Ordinances,* aistrithe ag G. R. Potter and M. Greengrass (Londain: Edward Arnold, 1983).

## - Doiciméad B -

**Is faoi ról na dtréadach san eaglais sa Ghinéiv atá an sliocht coimrithe seo, a tógadh as *Na hOrduithe Eaglasta* le Jean Calvin, 1541, freisin.**

Is é obair na dtréadaithe Briathar Dé a fhógairt: teagasc, cáineadh, gríosú agus casaoid a dhéanamh, go poiblí agus go príobháideach; na sacraimintí a thabhairt; agus, in éineacht leis na seanóirí agus a gcuid ionadaithe, rabhaidh dheartháiriúla a eisiúint. Chun an baol go mbeadh aon smaointe míchearta aige a sheachaint, is cuí go bhfógródh an tréadaí go nglacann sé leis an teagasc atá faofa ag an Eaglais agus go seasfaidh sé leis.

Ba chóir do na ministrí duine atá oiriúnach don phost a roghnú. Ansin, beidh sé le cur i láthair na Comhairle. Má dhéantar é a fhaomhadh, glacfaidh an Chomhairle leis agus fáilteoidh sí roimhe, de réir mar is toil léi. Ansin, tabharfar teastas dó le taispeáint nuair a bhíonn sé ag tabhairt seanmóra do na daoine, sa chaoi gur féidir leis na fíréin i gcoitinne glacadh leis. Má fhaightear amach go bhfuil sé mí-oiriúnach agus má tá fianaise air sin, tar éis promhadh cuí, caithfidh roghnú nua a bheith ann chun duine eile a aimsiú.

Foinse: Jean Calvin, *Ecclesiastical Ordinances,* aistrithe ag G. R. Potter and M. Greengrass (Londain: Edward Arnold, 1983).

## ROINN 2: ÉIRE

**Freagair dhá cheist, ceann amháin as gach ceann den dá thopaic thíos a roghnaíonn tú.**

*Éire: Topaic 1*

### Leasú agus Reifirméisean in Éirinn na dTúdarach, 1494-1558

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na dúshláin a bhí roimh Ghearóid Mór, 8ú Iarla ar Chill Dara? (100)
2. Cé chomh héifeachtach agus a bhí polasaí creidimh nó plandála Mháire Túdar in Éirinn? (100)
3. Cén ról ar leith a bhí ag mná faoi dhlí na nGael? (100)
4. Ar theip ar an Reifirméisean faoi Anraí VIII agus faoi Éadbhard VI in Éirinn? Mínigh do fhreagra. (100)

*Éire: Topaic 2*

### Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558-1603

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth a raibh éiginnteacht maidir le teidil talún agus le creideamh mar chúis le héirí amach i gCúige Mumhan agus le scrios Deasumhan? (100)
2. Cad iad na forbairtí suntasacha a bhí i gcathair Bhaile Átha Cliath le linn d'Eilís I a bheith i réim? (100)
3. Cad iad na cúinsí polaitiúla agus creidimh in Éirinn a cheadaigh do Meiler Magrath a bheith rathúil le linn d'Eilís I a bheith i réim? (100)
4. Cén fáth ar tharla go raibh sé chomh deacair sin an bua a fháil ar Aodh Ó Néill sa Chogadh Naoi mBliana? (100)

*Éire: Topaic 3*

### An ríocht in aghaidh coilíneachta – an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn, 1603-1660

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén chaoi ar chuir na lonnaitheoirí nua fúthu in Ulaidh le linn na plandála ann? (100)
2. Cén tábhacht d'Éirinn, ó thaobh creidimh agus cultúir de, a bhain leis na Coláistí Éireannacha thar lear? (100)
3. Cad a nochtann teistíochtaí 1641 faoin gcaidreamh idir an dúchasach agus an plandálaí i gCúige Uladh? (100)
4. Cén fáth a gceaptar feachtas Chromaill in Éirinn a bheith bainteach le foréigean agus le hainghníomh? (100)

*Éire: Topaic 4*

**Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660-1715**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na forbairtí suntasacha a tharla i mBaile Átha Cliath le linn na hAthghairme? (100)
2. Cad iad na cúiseanna a bhí le Cogadh an Dá Rí idir Séamas II agus Liam III agus cén toradh a bhí air? (100)
3. Conas a bhí tionchar ag an Acht Comhéigin agus an tAcht Loingseoireachta ar thrádáil na hÉireann? (100)
4. Cad a chuir Samuel Louis Crommelin agus/nó Robert Boyle le saol na hÉireann? (100)

*Éire: Topaic 5*

**An coilíneacht in aghaidh na ríochta – teannas in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715-1770**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén ról a bhí ag na Ponsonbys i bpolaitíocht agus i rialtas na hÉireann, 1715-1770? (100)
2. Cad iad na hábhair imní faoi Éirinn a léirigh Dean Swift i litreacha Drapier agus i bpaimfléid eile? (100)
3. Cad iad na fadhbanna a bhain leis an mbrú ó mhéadú ar an daonra faoin tuath in Éirinn? (100)
4. Cad a chuir Turlach Ó Cairealláin agus/nó Margaret (Peg) Woffington le saol na hÉireann? (100)

*Éire: Topaic 6*

**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a chuir ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas le míshástacht faoin tuath: cíocras talún; eagraíochtaí rúnda talmhaíochta; seicteachas faoin tuath? (100)
2. Cad iad na láidreachtaí agus na laigí a bhain le Henry Grattan mar cheannaire polaitíochta? (100)
3. Cén fáth ar bunaíodh Coláiste Mhá Nuad, 1795, agus conas a chuir sé le cúrsaí na hÉireann sa chéad fiche bliain i ndiaidh a bhunaithe? (100)
4. Cén fáth ar tharla sé go raibh Acht an Aontais conspóideach nuair a tugadh isteach é? (100)



**[Thall**

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR
**Freagair ceist amháin as ceann amháin de na topaicí thíos.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*
### Creideamh agus cumhacht: an pholaitíocht i ndeireadh an séú haois déag, 1567-1609

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na láidreachtaí agus na laigí a bhí ag an Spáinn faoi Philib II? (100)
2. An aontófá nach cúrsaí creidimh amháin, ná baol air, an t-aon chúis a bhí le Cogaí Creidimh na Fraince? (100)
3. Conas a chuir Matteo Ricci le misean na nÍosánach sa tSín? (100)
4. Cad a bhí mar phríomhfhorbairtí i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: clódóireacht; litríocht an phobail; réalteolaíocht? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*
### Dul ar gcúl na Sean-Eorpa, 1609-1660

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth ar éirigh na Catalónaigh amach agus cén fáth ar mhair a n-éirí amach chomh fada sin? (100)
2. Cén fáth ar thosaigh an Cogadh Tríocha Bliain agus cé chomh mór agus a léirigh sé "réabhlóid mhíleata" na haoise? (100)
3. Conas a chuir ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas isteach ar gheilleagar na hEorpa: dul i léig na seantionsclaíochta; teacht chun cinn an fhiontraí; impireacht na nDúitseach san Áise? (100)
4. Cén fáth ar tugadh Galileo os comhair na Cúistiúnachta, conas a caitheadh leis agus cén fáth ar éirigh an cás sin chomh cáiliúil? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
### An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660-1715

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth ar ghlac Louis XIV páirt san oiread sin cogaí le linn a réimis agus cad iad na hiarmhairtí a bhain leis sin don Fhrainc? (100)
2. Cad iad na hathruithe a rinne Peadar Mór ar an Rúis agus ar chaidreamh na Rúise leis an saol mór? (100)
3. Cé chomh suntasach do Shasana a bhí cumhacht trádála Chomhlacht Trádála na hIndia Thoir? (100)
4. Cé mhéad tionchair a bhí ag cúirt Versailles sa Fhrainc agus lasmuigh di? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*
**Impireachtaí á mbunú, 1715-1775**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a mhéadaigh réimeas Fheardorcha Liam I agus/nó Fheardorcha II cumhacht agus gradam na Prúise? (100)
2. Cén fáth ar éirigh na coilínigh Mheiriceánacha amach agus cén fáth a ndearnadh réabhlóid den éirí amach? (100)
3. Cén tábhacht a bhain le plandálacha sclábhaithe na hIndia Thiar don trádáil idirnáisiúnta? (100)
4. Conas a chuir ceann amháin díobh seo a leanas le cur in iúl idéanna: an *Encyclopédie*; an t-úrscéal; an salón? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*
**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na hathruithe tábhachtacha a tharla sa Fhrainc idir tús troda sa réabhlóid in 1789 agus bású Louis XVI in 1793? (100)
2. Cén tionchar a bhí ag Napoléon ar an bhFrainc agus ar an Eoraip? (100)
3. Cad iad na tionchair shóisialta agus eacnamaíochta a bhí ag ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: deireadh an fheodachais agus na huaisleachta; cealú na trádála sclábhaithe; fuascailt na nGiúdach? (100)
4. Ón staidéar a rinne tú ar Bhunreacht Sibhialta na Cléire agus/nó an caidreamh idir an stát agus an eaglais faoi Napoléon, cén ról a bhí ag an gcreideamh sa Fhrainc? (100)

Leathanach Bán